**Dlíodóir (Príomhoifigeach Cúnta)**
**Conradh Sainchuspóra**

Tá folúntas ag Údarás na Gaeltachta do Dhlíodóir (Príomhoifigeach Cúnta), post ar chonradh sainchuspóra.

An Ról:

- Seirbhís dlí iomlán a sholáthar don Údarás
- An Rannóg Dlí a bhainistiú go héifeachtach
- Tacaíocht a thabhairt don Rannóg Seirbhísí Corparáideacha
- Abhcóidí agus aturnaetha seachtracha a bhainistiú, buiséad san áireamh
- Comhairle dlí ghinearálta a chur ar fáil
- Dualgais eile a bhaineann leis an earnáil dlí

Na Riachtanais:

- Tá gá le dlíodóir cáilithe le taithí trí bliana ar a laghad tar éis cáilíochta i ndlí tráchtála nó i gcleachtas ginearálta a fuarthas in-tí nó i gcleachtas príobháideach, le taithí léirithe i réimsí ar nós:
    - Ceannach/díol maoine tráchtála
    - Coigeartú talún
    - Dréachtú/idirbheartú léasanna tráchtála, gníomhais, etc.
    - Eolas ar dhréachtú/idirbheartú conarthaí tráchtála, bunú comhlachtaí, etc.
    - Taithí ar dhoiciméid dlíthiúla a bhainistiú agus a nuashonrú
- Scileanna cumarsáide den scoth i nGaeilge agus i mBéarla (scríofa agus labhartha)

Is post ar chonradh sainchuspóra é seo. Tá scála tuarastail ag grád Príomhoifigeach Cúnta idir €78,303 - €97,583 ag dul leis an bpost seo. Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint go dtosófar ag an bpointe is ísle ar an scála tuarastail agus nach féidir é a phlé agus gur féidir go n-athrófar an scála tuarastail ó am go ham de réir bheartas tuarastail an Rialtais.

Iarrtar ar iarratasóirí CV agus litir chumhdaigh as Gaeilge a sheoladh chuig foluntais@udaras.ie roimh **4:00in** ar an **Aoine, 9 Lúnasa 2024.**

Beidh an post lonnaithe in Ardoifig Údarás na Gaeltachta sna Forbacha, Co. na Gaillimhe.

*Is fostóir comhionannas é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge teanga oibre na heagraíochta*